

Údarás Rialála
Cearrbhachais
na hÉireann

Gambling
Regulatory
Authority
of Ireland

Ráiteas Straitéise 2025 – 2027



Clár na nÁbhar

Sainordú Dlíthiúil	2
Brollach an Chathaoirligh	3
Brollach an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	4
Ráiteas Straitéise	5
Maoiniú Oibríochtaí	5
Ár bhFís	6
Ár mBunchuspóir	6
Ár Luachanna	6
Spríocanna Straitéiseacha 2025-2027	7
 Spríoc Straitéiseach 1 - Ceadúnú	8
 Spríoc Straitéiseach 2 – Monatóireacht & Comhlíonacht	9
 Spríoc Straitéiseach 3 – Forfheidhmiú	10
 Spríoc Straitéiseach 4 - Cosaint & Feasacht Tomhaltóirí	11
 Spríoc Straitéiseach 5 – Daoine, Eagraíocht agus Rialachas	12
 Spríoc Straitéiseach 6 – Tús Áite don Digiú	13
Rath agus Trédhearcacht a Thomhas	14
Acmhainní agus Rath Criticiúil	14
Dualgas Earnála Poiblí	15

Sainordú Dlíthiúil

Is comhlacht reachtúil nua é Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann atá freagrach as an gcearrbhachas a cheadúnú agus a rialáil in Éirinn. Leagtar amach san Acht um Rialáil Cearrbhachais, 2024 (an tAcht) an creat agus an bunús reachtaíochta don Údarás agus do chóras rialála agus ceadúnaithe láidir don earnáil chearrbhachais.

Feidhmeoidh an tÚdarás mar rialtóir neamhspleách, féinmhaoinithe faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Is státseirbhísigh iad na Stiúrthóirí agus an fhoireann. Áirítear le ról an Údaráis, mar a leagtar amach sa reachtaíocht, na feidhmeanna seo a leanas, a chuirfear i bhfeidhm de réir a chéile thar an tréimhse 2025 – 2027:

- ▶ Ceadúnú, maoirsiú agus forfheidhmiú ar sholáthar gealltóireachta, cearrbhachais agus crannchuir sa Stát
- ▶ Leas an phobail agus an tsochaí a chosaint, go háirithe mionaoisigh agus daoine fásta atá i mbaol díobhála, ó dhíobhála cearrbhachais
- ▶ Clár Náisiúnta Eisiaimh Cearrbhachais a bhunú agus a choinneáil – chun ligean do dhaoine clárú chun iad féin a eisiaimh ó chearrbhachas ar líne le ceadúnaithe
- ▶ Ciste Tionchair Shóisialta a bhunú, arna mhaoiniú ag tobhach ar an tionscal, chun tacú le seirbhísí chun andúil chearrbhachais a chóireáil, agus chun cláir oideachais phoiblí agus ardú feasachta a mhaoiniú.
- ▶ Taighde a dhéanamh agus a choimisiúnú ar chearrbhachas, chun cabhrú leis an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce beartas a chomhordú agus a fhorbairt tuilleadh
- ▶ Cóid Chleachtais a eisiúint, leasanna tomhaltóirí a chosaint agus a chur chun cinn a bhaineann le seirbhísí gealltóireachta, cearrbhachais agus crannchuir a sholáthar
- ▶ Cigireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, Sárúithe ar cheadúnais agus rialacháin a imscrúdú
- ▶ Smachtbhannaí agus fíneálacha riaracháin a fhorchur, ionchúisimh choiriúla a thionscnamh i leith cionta a eascraíonn faoin Acht
- ▶ Imscrúdú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar ghearáin arna ndéanamh ag ceadúnaithe maidir le sárúithe líomhnaithe ar na hoibleagáidí ábhartha faoi chúram an Údaráis
- ▶ Gníomhaíochtaí sciúradh airgid a chomhrac i gcomhthéacs gealltóireachta, cearrbhachais agus crannchuir
- ▶ Bearta um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Frithsceimhlitheoireachta agus Ionracas Spóirt a Chur i bhFeidhm a mhéid a bhaineann siad le cearrbhachas

Baineann an bunús reachtach le haghaidh fhorbairt an Ráitis Straitéise seo le hAlt 30 den Acht: *“Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe agus ina dhiaidh sin laistigh den tréimhse 6 mhí roimh gach dáta ar cothrom trí bliana an lae bunaithe é, ráiteas straitéise don tréimhse 3 bliana díreach ina dhiaidh na bliana inar cuireadh isteach an ráiteas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire. Ciallaíonn Ráiteas Straitéise ráiteas ar na príomhchuspóirí, aschuir agus straitéisí gaolmhara, lena n-áirítear an leas a bhaintear as a acmhainní”.*

Brollach an Chathaoirligh

I mo cháil mar Chathaoirleach nuacheaptha an Údaráis Rialála Cearrbhachais na hÉireann, is cúis áthais dom ár Ráiteas Straitéise 2025–2027 a chur i láthair.



Leagtar amach san Acht um Rialáil Cearrbhachais 2024 an creat agus an bunús reachtaíochta chun Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann a bhunú agus chun creat ceadúnaithe agus rialála nua-aimseartha agus láidir a chruthú do chearrbhachas pearsanta agus ar líne araon. Mar rialtóir neamhspleách nuabhunaithe, tá sainordú poiblí rithábachtach curtha orainn: a chinntiú go dtugtar faoi chearrbhachas in Éirinn ar bhealach sábháilte, cothrom agus trédhearcach, agus leasanna daoine aonair, teaghlach agus an phobail i gcoitinne mar chroílár an scéil. Tá ár gcuid oibre bunaithe ar phrionsabail an choisc, na cosanta agus na rialála atá bunaithe ar fhianaise.

Is é ár n-uailmhian córas rialála nua-aimseartha, cothrom agus iontaofa a sheachadadh a léiríonn cineál an chearrbhachais atá ag athrú i gcónaí agus ionchais phobal na hÉireann araon. Agus é sin á dhéanamh againn, bainimid leas as taithí idirnáisiúnta agus freagra Éireannach ar leith á mhúnlú againn ar na dúshláin agus na deiseanna atá romhainn.

Leagtar amach ár dtreochlár tosaigh sa straitéis trí bliana seo – ceann atá dírithe ar bhunús láidir a leagan síos, córais láidre ceadúnúcháin, comhlíontachta agus forfheidhmithe a fhorbairt, agus teagmháil a dhéanamh go hoscailte le geallsealbhóirí ar fud na sochaí. Táimid tiomanta do chultúr cearrbhachais níos sábháilte a chur chun cinn agus do thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a laghdaíonn an dochar a bhaineann leis an gcearrbhachas, go háirithe trí fheasacht tomhaltóirí a mhéadú, leanaí a chosaint agus taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna cearrbhachais. Tabharfaimid isteach teorainneacha ar fhógraíocht agus bearta a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí a gcuid cearrbhachais a mhonatóiriú agus a rialú.

Beidh feidhm ag na hoibleagáidí atá leagtha amach san Acht, chomh maith le cumhachtaí forfheidhmiúcháin Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann, maidir le ceadúnaithe faoin gcreat rialála nua. Leagtar amach san Acht chomh maith smachtbhannaí dóibh siúd a dhéanann iarracht oibriú gan cheadúnas. Tá an Fhoireann Feidhmiúcháin, faoi stiúir Anne Marie Caulfield, POF, tar éis dul i mbun obair fairsing cheana féin chun an córas seo a chur chun cinn. Tá sé rithábachtach na socruithe ceadúnaithe nua, bainistíocht chomhlíontachta agus feidhmeanna forfheidhmithe a bhunú le linn théarma na Straitéise seo chun an dóchúlacht go ndéanfar dochar don chearrbhachas a laghdú agus cuirfidh sé sin taca faoi mhargadh cearrbhachais dea-rialáilte in Éirinn.

Léirigh taighde arna choimisiúnú ag Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann le déanaí agus arna dhéanamh ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) go bhfuil an cearrbhachas fadhbach in Éirinn deich n-uaire níos fairsinge ná mar a ceapadh roimhe seo. Beidh sé ina thosaíocht don Údarás le linn shaolré na Straitéise seo Ciste Tionchair Shóisialta, arna mhaoiniú ag ceadúnaithe, a bhunú. Tacóidh an Ciste le tionscnaimh taighde agus oideachais chun cabhrú le tomhaltóirí iad féin a chosaint níos fearr ar dhochar an chearrbhachais. Cuirfidh sé maoiniú ar fáil chomh maith chun seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh siúd a bhfuil andúil sa chearrbhachas orthu.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Jim O’Callaghan TD, agus lena oifigigh sa Roinn as a dtacaíocht i mbunú an Údaráis. Gabhaim buíochas chomh maith le hAnne Marie Caulfield agus a comhghleacaithe as fairsinge na hoibre a rinneadh cheana féin roimh an mbunú.

I gcomhar le mo chomhghleacaithe san Údarás ina bhfuil seachtar duine ar fad, táim ag tnúth le dul i mbun oibre i gcomhar leis an bhFeidhmeannas chun an chéad údarás rialála cearrbhachais in Éirinn a chothú. Tuigimid go maith a mhór is atá an clár oibre substaintiúil agus casta atá romhainn. Mar sin féin, beidh ár bpríomhluachanna mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre agus cuirfidh siad bonn eolais faoinár rath. Táimid tiomanta go comhchoiteann don bhunchuspóir tábhachtach seo a bhaint amach do mhuintir na hÉireann.

Paul Quinn
Cathaoirleach

Brollach an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Is mór an phribhléid dom a bheith ceaptha mar POF ar Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann. Tá an tÚdarás, ina chroílár, dírithe ar rialáil éifeachtach an tionscail chun leanaí, daoine fásta atá i mbaol díobhála agus daoine a bhfuil an cearrbhachas ina fhadhb acu a chosaint.



Tá foireann Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann tiomanta go mór do chóras rialála éifeachtach agus gairmiúil a bhunú a chuireann an tAcht um Rialáil Cearrbhachais 2024 i bhfeidhm go láidir. Bunaítear an tÚdarás ina rialtóir neamhspleách, chun an creat agus an bonn reachtach mar atá leagtha amach san Acht a chomhlíonadh. Áirítear le raon feidhme an Údaráis rialáil Gealltóireachta, Cearrbhachais agus Crannchuir in Éirinn seachas an Crannchur Náisiúnta.

Déantar foráil sa reachtaíocht do chur chuige feabhsaithe agus nua-aimseartha maidir le ceadúnú agus rialáil cearrbhachais in Éirinn sa lá atá inniu ann, cur chuige a léiríonn cé chomh hinfhaighte is atá gníomhaíochtaí éagsúla cearrbhachais sa Stát agus a aithníonn tionchar na teicneolaíochta sa scéal seo is tionchar é atá ag forbairt go tapa. Tugann an tAcht sainordú soiléir agus láidir don Údarás: rialtóir cearrbhachais a bhunú a bheidh dírithe ar shábháilteacht agus folláine an phobail, a chlúdóidh cearrbhachas ar líne agus i bpearsa, leis na cumhachtaí chun fógraíocht, suíomhanna gréasáin um chearrbhachas, agus aipeanna a rialáil, mar aon le soláthraithe táirgí agus seirbhísí cearrbhachais a rialáil chomh maith. Cuireann sé sraith oibleagáidí dlíthiúla ar cheadúnaithe a mbíonn sé, i ndiaidh cleachtas grinnfhiosrúcháin críochnúil, d'údarás acu oibriú i margadh na hÉireann. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfimid córas ceadúnaithe nua-aimseartha i bhfeidhm chomh luath agus is féidir agus go dtugaimid aghaidh go réamhghníomhach ar aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha ag eintitis neamhcheadúnaithe a d'fhéadfadh iarracht a dhéanamh dul timpeall ar cheanglais dhlíthiúla na hÉireann.

Beidh an tÚdarás féinmhaoinithe, tar éis céim bhunaithe tosaigh trí bliana, agus é á mhaoiniú ag an gcóras ceadúnúcháin agus muirir eile ar eintitis cheadúnaithe. Táimid ag tnúth le ról a bheith ag an Údarás ó thaobh freastal ar phobal na hÉireann agus pobal na hÉireann a chosaint ó chearrbhachas fadhbach. Bunóimid Ciste Tionchair Shóisialta chomh maith, arna mhaoiniú ag na heagraíochtaí ceadúnaithe sa tionscal, chun cláir oideachais agus feasachta maidir leis an gcearrbhachas fadhbach a mhaoiniú agus chun bearta a mhaoiniú chun déileáil le díobhála an chearrbhachais agus aghaidh a thabhairt orthu. Bunófar Scéim Náisiúnta Eisiaimh Cearrbhachais ar líne freisin mar thacaíocht do dhaoine a bhfuil an cearrbhachas ina fhadhb dóibh.

A luaithe a bheidh ceadúnais i bhfeidhm, cuirfidh an tÚdarás tús leis na feidhmeanna comhlíontachta agus forfheidhmithe freisin agus oibreoidh sé chun an

pobal a chosaint trí chóras rialála inchreidte, láidir agus réamhghníomhach a oibriú i gcomhréir leis an dlí ar bhealach atá cothrom agus trédhearcach.

Aithnímid go ngníomhaíonn formhór na n-oibreoirí ar bhealach gairmiúil ach i gcás nach dtarlaíonn sé sin, cuirfidh an tÚdarás smachtbhannaí i bhfeidhm go láidir i gcoinne ceadúnaithe nach n-oibríonn de réir an dlí, chomh maith leo siúd atá ag feidhmiú go mídhleathach.

I gcás ina bhfuil comharthaí ann den choiriúlacht thromchúiseach, lena n-áirítear cionta cearrbhachais a bhaineann le leanaí agus le daoine fásta atá i mbaol díobhála mar thoradh ar an gcearrbhachas iomarcach nó éigníoch, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, comhoibreoimid le gníomhaireachtaí rialála agus forfheidhmithe comhpháirtíochta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta chun a chinntiú go gcomhthiomsóimid ár n-acmhainní imscrúdaitheacha agus rialála comhchoiteanna le haghaidh freagairt chomhtháite agus ilghnéitheach.

Táim féin agus m'fhoireann ag obair le raon leathan páirtithe leasmhara chun rialtóir reachtaíochta láidir a chothú don earnáil cearrbhachais in Éirinn. Tuigimid go bhfuil réimse leathan oibreoirí cearrbhachais i gceist, ó oibreoirí móra ilnáisiúnta go hoibreoirí níos lú ná sin. Aithnímid freisin gur féidir le cearrbhachas ról ríthábhachtach a bheith aige i maoiniú agus i dtacaíocht a thabhairt d'obair den scoth carthanachtaí agus eagraíochtaí daonchairdiúla, agus léirítear an ról sin san Acht. Táimid tiomanta do chóras rialála atá neamhspleách, comhréireach agus cothrom.

Cuireann an fhoireann fáilte roimh cheapadh an Údaráis (ar a bhfuil seachtar duine) ag an Aire. Táimid ag súil go mór le bheith ag obair leis na Comhaltáí Údaráis agus leis an gCathaoirleach, Paul Quinn.

Sna blianta beaga amach romhainn, beidh na daoine, na cumais, na teicneolaíochtaí agus na struchtúir rialachais is gá ar fáil don Údarás chun a phríomhfheidhm a chomhlíonadh maidir le baill den tsochaí atá i mbaol díobhála ó chearrbhachas fadhbach a chosaint, chomh maith le straitéisí rannpháirtíochta agus cumarsáide le páirtithe leasmhara a chur i gcrích. Tá sé mar sprioc againn go mbeidh an tÚdarás ina rialtóir aitheanta a laghdaíonn dochar an chearrbhachais agus a sheachadann athrú dearfach trí rialáil chóir, chomhréireach agus éifeachtach.

Anne Marie Caulfield
POF

Ráiteas Straitéise

Ullmhaíodh an Ráiteas Straitéise 2025 – 2027 seo i gcomhréir le hAlt 30 den Acht tar éis a achtú i mí Dheireadh Fómhair 2024. Forbraíodh í nuair a ceapadh an tÚdarás ina bhfuil seachtar duine ar fad, agus glacadh go foirmiúil leis agus cuireadh faoi bhráid an Aire í i gcomhréir leis an bhforáil in Alt 30.

Leagann na Spriocanna agus na Cuspóirí Straitéiseacha treo soiléir amach don Údarás le PTFanna sonracha a úsáidfear chun dul chun cinn agus rath a thomhas thar na trí bliana atá romhainn agus béim á leagan ar Cheadúnú tráthúil ar a bhfuil sraith iomlán de Chosaintí nua do Thomhaltóirí bunaithe. Áirítear leis na cosaintí seo an Clár Náisiúnta Eisiaimh, agus an Ciste Tionchair Shóisialta, agus tá oibleagáid dhlíthiúil fhoriomlán ar an dá cheann acu an pobal a chosaint ar dhochar an chearrbhachais. Déanfar an ceadúnú a thabhairt isteach de réir a chéile a luaithe is féidir le linn shaolré na Straitéise seo agus beidh Pleananna Gnó bliantúla, lena n-áireofar táscairí feidhmíochta dár gcuid oibre, mar bhonn agus mar thaca le seachadadh ár gCuspóirí Straitéiseacha.

An Clár Náisiúnta Eisiaimh Cearrbhachais

Bunóidh an tÚdarás Clár Náisiúnta Eisiaimh Cearrbhachais, de réir fhorálacha an Achta. Cuirfidh sé seo ardán láraithe ar líne ar fáil chun cabhrú le daoine aonair atá ag iarraidh iad féin a eisiaimh ó gach gníomhaíocht chearrbhachais ceadúnaithe ar líne. Cuirfidh an Clár faisnéis fhíor-ama ar fáil do cheadúnaithe faoi dhaoine a roghnaigh a bheith eisiata ó chearrbhachas ar líne. Beidh sé de dhualgas ar shealbhóirí ceadúnais na daoine seo a chosc ó chearrbhachas ar líne. Maoineofar an Clár trí tháillí ceadúnais oibreoirí cearrbhachais ar líne.

An Ciste Tionchair Shóisialta

Bunóidh an tÚdarás Ciste Tionchair Shóisialta a mhaoineofar ó ranníocaíocht tobhaigh ar an tionscal. Meastar go mbeidh sé seo cothrom le €14 milliún ar a laghad in aghaidh na bliana nuair a bheidh sé ag feidhmiú go hiomlán. Tacóidh an Ciste Tionchair Shóisialta le tionscnaimh atá dírithe ar chearrbhachas éigeantach nó iomarcach a laghdú nó a dhíchur, lena n-áirítear:

- ▶ Oideachas poiblí agus ardú feasachta
- ▶ Taighde, oiliúint agus idirghabhálacha pobail
- ▶ Seirbhísí arna soláthar ag comhlachtaí poiblí nó príobháideacha chun tacú le cóireáil daoine atá ag gabháil do chearrbhachas éigeantach nó iomarcach

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise ár bhFís don tsochaí a bhfreastalaímid uirthi trí rialáil agus trínár mBunghuspóir mar údarás rialála neamhspleách. Treoraíonn ár Luachanna an chaoi a n-oibrímid agus an chaoi a ndéanaimid teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara.

Maoiniú Oibríochtaí

Tá an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, agus táthar ag súil go mbeidh sé féinmhaoinithe go hiomlán laistigh de thrí bliana ó bunaíodh é, agus go mbeidh sé maoinithe ag na táillí ceadúnais agus na muirir a ghearttar ar oibreoirí cearrbhachais.

Tosóidh an tÚdarás ar oibríochtaí de réir a chéile de réir mar a chuirfear acmhainní cuí foirne, TFC agus acmhainní eile ar fáil, agus de réir mar a chríochnófar an reachtaíocht thánaisteach riachtanach chun ceadúnú agus cosaintí rialála agus tomhaltóirí eile a chumasú mar a leagtar amach san Acht.

Fís

Is é ár bhFís rialáil
chomhréireach, nuálach
agus ghairmiúil a chur i
bhfeidhm trína gcothaítear
pobal eolasach
cosanta ó dhíobháil an
chearrbhachais

Bunchuspóir

Is é ár mbunchuspóir
rialáil agus oideachas
éifeachtach a chur ar fáil
d'fhonn glúnta reatha agus
glúnta amach anseo a
chumhdach ó dhíobháil an
chearrbhachais

Luachanna

Is iad seo a leanas ár
Luachanna:

- ▶ Neamhspleáchas
- ▶ Ionracas
- ▶ Trédhearcacht
- ▶ Nuálaíocht
- ▶ Comhoibriú

Spriocanna Straitéiseacha 2025-2027

SPRIOC STRAITÉISEACH

1

Ceadúnú

Córas ceadúnaithe éifeachtach, éifeachtúil agus comhréireach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, le haghaidh gealltóireachta, cluichíochta agus crannchur, ar líne agus ar an láthair araon, d'eagraíochtaí Gnó go Custaiméir, Gnó go Gnó, Carthanachta agus Daonchairdiúla, agus ceadúnas le baint amach acu uile, ar bhonn céimnithe, laistigh de shaolré na Straitéise seo.

SPRIOC STRAITÉISEACH

2

Monatóireacht agus Comhlíontacht

Córas comhlíonta cuimsitheach, láidir a bhunú chun monatóireacht chórasach a dhéanamh ar chomhlíonadh ceadúnaithe lena n-oibleagáidí dlíthiúla san Acht, rud a laghdaíonn an dóchúlacht go ndéanfar dochar don chearrbhachas agus a chuireann bonn agus taca faoi mhargadh cearrbhachais rialaithe dea-chleachtais in Éirinn.

SPRIOC STRAITÉISEACH

3

Forfheidhmiú

Creat forfheidhmithe láidir a fhorbairt a chuireann ar chumas an Údaráis aghaidh a thabhairt go héifeachtach, go díspregúil agus go comhréireach ar sháruithe ar an Acht agus sciúradh airgid a bhaineann le cearrbhachas a chosc.

SPRIOC STRAITÉISEACH

4

Cosaint & Feasacht Tomhaltóirí

Chun dochar an chearrbhachais a mhaolú agus a laghdú trí thaighde éifeachtach, oideachas, cumarsáid agus tacaíocht airgeadais tríd an gCiste Tionchair Shóisialta.

SPRIOC STRAITÉISEACH

5

Daoine, Eagraíocht agus Rialachas

Eagraíocht oiriúnach don chuspóir a bhunú leis na cumais, na daoine, na scileanna agus an saineolas riachtanach, agus próisis agus córais rialachais láidre mar bhonn léi.

SPRIOC STRAITÉISEACH

6

Tús Áite don Digitíú

Feidhm TFC solúbtha a bhunú a thacaíonn le haonaid ghnó an Údaráis agus lenár bpáirtithe leasmhara, a bhaineann leas as anailís sonraí agus intleacht shaorga chun comhlíonadh ár sainchúraim reachtúil a spreagadh agus a chuireann ar chumas an Údaráis earnáil cearrbhachais atá ag athrú go tapa a rialáil go héifeachtach.

Ceadúnú

Córas ceadúnaithe éifeachtach, éifeachtúil agus comhréireach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, le haghaidh gealltóireachta, cluichíochta agus crannchur, ar líne agus ar an láthair araon, d'eagraíochtaí Gnó go Custaiméir, Gnó go Gnó, Carthanachta agus Daonchairdiúla, agus ceadúnas le baint amach acu uile, ar bhonn céimnithe, laistigh de shaolré na Straitéise seo.

Cuspóirí Straitéiseacha

- ▶ Straitéis agus Creat Ceadúnaithe a fhorbairt ina sonraítear mar a chuirfidh an tÚdarás próiseas iarratais ar cheadúnais dea-chleachtais i bhfeidhm, ag baint úsáide as cur chuige um Thús Áite don Digiú, agus próiseas grinnschrúdaithe críochnúil a chur i bhfeidhm chun a chinntiú nach bhfuil ceadúnas oibriúcháin ach amháin ag oibreoirí measúla a léiríonn go gcloíonn siad le reachtaíocht na hÉireann. Níosann imeachta agus beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na próisis Cheadúnúcháin a bhainistiú atá oiriúnach agus comhréireach do gach ceann de na cineálacha ceadúnais Gnó go Tomhaltóir (B2C)¹, Gnó go Gnó (B2B) agus ceadúnais Charthanachta agus Daonchairdiúla.
- ▶ Forbairt a dhéanamh ar (a) struchtúr táillí iarratais ar cheadúnas agus (b) muirir bhliantúla a bheidh trédhearcach, cothrom agus comhréireach, rud a chuireann bonn agus taca faoi neamhspleáchas airgeadais an Údaráis agus a chuireann deireadh leis an ngá atá le maoiniú poiblí a fháil laistigh de thrí bliana óna bhunú.
- ▶ Pleananna cuimsitheacha um Thosach Feidhme a fhorbairt mar aon le rialacháin tacaíochta, i gcomhar le hOifig na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus Oifig na gComhairleoirí Parlaiminte, chun feidhmeanna Ceadúnaithe Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann a thosú de réir a chéile chun a chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir le riachtanais rialála agus oibríochtúla.

Bunspríocanna Inghnóthaithe

Margadh Ceadúnaithe

Forbraítear agus ceadaítear plean cur chun feidhme céimnithe d'fheidhmeanna Ceadúnúcháin an Údaráis Rialála Cearrbhachais in Éirinn i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Cuirtear creat struchtúrtha grinnfhiosrúcháin i bhfeidhm, rud a chinntíonn nach bhfaigheann ach oibreoirí creidiúnacha ceadúnais. Déantar seiceálacha cúlra, measúnuithe airgeadais, agus meastóireachtaí comhlíontachta mar chuid den phróiseas iarratais. Foilsítear agus coinnítear clár lárnach d'oibreoirí ceadúnaithe chun monatóireacht agus comhlíonadh leanúnach a dhéanamh.

Údarás Féinmhaoinithe

- ▶ Forbraítear struchtúr táillí trédhearcach agus caighdeánaithe, rud a chinntíonn cothroime agus inbhuanaitheacht. Cuirfear tacaíocht ar fáil go poiblí chun cabhrú le hiarratasóirí costais a chinneadh.

Tá athbhreithnithe tréimhsiúla ar tháillí sceidealaithe chun a chinntiú go mbeidh siad i gcomhréir le riachtanais rialála agus oibríochtúla.

1 Gnó go Tomhaltóir:
In Person, Remote, In Person and Remote, and Remote Intermediary Betting Licenses
In Person, Remote, and In Person and Remote Licenses Gaming Licenses
In Person, Remote, and In Person and Remote Licenses Lottery Licenses

Monatóireacht & Comhlíontacht

Córas comhlíonta cuimsitheach, láidir a bhunú chun monatóireacht chórasach a dhéanamh ar chomhlíonadh ceadúnaithe lena n-oibleagáidí dlíthiúla san Acht, rud a laghdaíonn an dóchúlacht go ndéanfar dochar don chearrbhachas agus a chuireann bonn agus taca faoi mhargadh cearrbhachais rialaithe dea-chleachtais in Éirinn.

Cuspóirí Straitéiseacha

- ▶ Straitéis agus Creat Comhlíonta a fhorbairt ina sonraítear mar a dhéanfaidh an tÚdarás monatóireacht láidir ar chomhlíonadh an tionscail chearrbhachais leis an Acht, leis na Rialacháin, leis na Cóid Chleachtais agus leis na Caighdeáin Theicniúla chun dul i ngleic go héifeachtach leis an díobháil don phobal mar thoradh ar neamhchomhlíonadh. De réir mar a chuirtear gach cineál Ceadúnais i bhfeidhm, cuirfear an ghné chomhfhreagrach den Straitéis Chomhlíontachta i gníomh. Ar bhonn leanúnach, an ról atá tarmligthe don Údarás faoin Acht a chur i bhfeidhm maidir le hlonstraimí Reachtúla do Chaighdeáin Theicniúla a fhorbairt, lena n-áirítear dul i mbun comhairliúcháin phoiblí agus fógraí a dhéanamh faoin gCóras Faisnéise um Rialáil Theicniúil nuair is gá.
- ▶ Na próisis agus na nósanna imeachta comhfhreagracha a fhorbairt chun monatóireacht agus faireachas láidir a dhéanamh ar chomhlíonadh ar fud an tionscail chearrbhachais agus iad á dtacú ag anailísíocht sonraí ardleibhéil saincheaptha, comhaontuithe tuisceana iomchuí le gníomhaireachtaí rialtais eile agus saineolas soláthraithe tríú páirtí, de réir mar is gá. Ba cheart do na próisis agus na nósanna imeachta seo leas a bhaint as uirlisí dea-chleachtais, bogearraí agus comhoibriú le rialtóirí eile ag díriú ar réimsí ina bhféadfadh gníomhaíocht chomhlíonta an tionchar is mó a bheith aici maidir le díobháil an chearrbhachais a laghdú.

Bunspricanna Inghnóthaithe

Creat comhlíontachta láidir, trédhearcach agus cuimsitheach a chur i bhfeidhm. Córas comhlíonta láidir a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach, bunaithe ar chlár bliantúil mionsonraithe cigireachtaí agus gníomhaíochtaí monatóireachta comhlíonta ó mhí Iúil 2026.

Faireachán rialta agus córasach a dhéanamh, mar aon le fiosrúcháin agus imscrúduithe imoibríocha níos doimhne agus ar an mórscála.

- ▶ Méadrachtaí feidhmíochta foilsithe a thuairiscíonn ar ghníomhaíocht monatóireachta comhlíonta Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann (i dtéarmaí leibhéil laghdaithe Díobhála Cearrbhachais, arna dtagarmharcáil ó staidéar ESRI 2023). Tá socruithe tuairiscithe i bhfeidhm ar leibhéal eanála agus tionscail araon agus tugtar aiseolas rialta do léargais ó ghníomhaíocht chomhlíontachta chun bonn eolais a chur faoi bhearta amach anseo.

Forfheidhmiú

Creat forfheidhmithe láidir a fhorbairt a chuireann ar chumas an Údaráis aghaidh a thabhairt go héifeachtach, go díspreagúil agus go comhréireach ar sháruithe ar an Acht agus sciúradh airgid a bhaineann le cearrbhachas a chosc.

Cuspóirí Straitéiseacha

- ▶ Cumas an Údaráis a fhorbairt chun imscrúdú a dhéanamh, ionchúiseamh a dhéanamh agus breithiúnas a thabhairt mar a fhoráiltear san Acht ionas go mbeidh an tÚdarás in ann gníomh rialála éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a dhéanamh.
- ▶ Próisis agus nósanna imeachta forfheidhmithe a shainiú. Prótacail, nósanna imeachta agus treoirlínte a fhorbairt chun bonn agus taca a chur faoi phróisis forfheidhmiúcháin, chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus éifeachtúlacht a chinntiú i ngníomhartha forfheidhmiúcháin.
- ▶ Creat um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Frithsceimhlitheoireachta a fhorbairt ionas gur féidir leis an Údarás a oibleagáidí mar údarás inniúil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 a chomhlíonadh.
- ▶ Creat um Ionracas Spóirt a fhorbairt chun ionracas gealltóireachta spóirt a chosaint.

Bunspríocanna Inghnóthaithe

Forfheidhmiú Láidir

- ▶ Feidhm lánoibríochtúil um fhorfheidhmiú: Tá foireann agus trealamh ag an Aonad Imscrúduithe agus ag an Aonad Forfheidhmiúcháin Shibhialta & Choiriúil chun imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe ar an Acht (lena n-áirítear cionta a bhaineann le sláine spóirt agus cearrbhachas mídhleathach), agus chun gníomhartha forfheidhmiúcháin dlí a bhainistiú, lena n-áirítear imeachtaí sibhialta, breithniú le haghaidh smachtbhannaí riaracháin agus ionchúisimh choiriúla, faoi R3 de 2026.
- ▶ Táthar tar éis próisis shoiléire agus chomhsheasmhacha um fhorfheidhmiú a fhorbairt, le nósanna imeachta dea-shainithe le haghaidh gníomhartha forfheidhmiúcháin atá cothrom agus láidir ó thaobh an dlí de a sheasann grinnscrúdú agus a léiríonn go soiléir nach nglacfar le neamhchomhlíonadh reachtaíocht na hÉireann, rud a eascraíonn i ndíobháil cearrbhachais do leanaí agus don phobal.

Cosaint agus Feasacht Tomhaltóirí

Chun díobháil an chearrbhachais a mhaolú agus a laghdú trí thaighde, oideachas, cumarsáid éifeachtach agus trí thacaíocht airgeadais tríd an gCiste Tionchair Shóisialta.

Cuspóirí Straitéiseacha

- ▶ Clár Náisiúnta Féin-Eisiamh a bhunú, ag soláthar ardán láraithe ar líne do dhaoine aonair atá ag iarraidh iad féin a eisiamh ó ghníomhaíochtaí cearrbhachais ar líne ar fud na tíre, lena n-áirítear tacaíochtaí comhlántacha um chosaint tomhaltóirí.
- ▶ Struchtúir chuí a fhorbairt a theastaíonn chun an Ciste Tionchair Shóisialta a riaradh, a mhaoineofar le ranníocaíochtaí bliantúla ó cheadúnais áirithe chun cabhrú le dul i ngleic le tionchar sóisialta an chearrbhachais agus chun tacú le soláthar seirbhísí chun andúil chearrbhachais a chóireáil; taighde spriocdhírthe a mhaoiniú agus clár oideachais agus feasachta poiblí a bhaineann le bearta cosanta tomhaltóirí a mhaoiniú.
- ▶ Clár Taighde a fhorbairt a sholáthraíonn bonn fianaise chun tuiscint ar an gcearrbhachas fadhbach a mhéadú; chun idirghabhálacha éifeachtacha a aithint agus chun bonn agus taca a chur faoi anailís beartais agus comhairle maidir le bearta cosanta tomhaltóirí a tugadh isteach.
- ▶ Creat Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara agus Straitéis Cumarsáide a bhunú le fócas ar chomhar éifeachtach agus ar idirphlé oscailte chun cabhrú le forbairt agus cur i bhfeidhm shainchúram rialála agus reachtúil an Údaráis, i ndáil le taighde agus feasacht oideachais, agus comhoibriú le páirtithe seachtracha i gcur chun cinn tionscnamh um Chosaint Tomhaltóirí.

Bunspríocanna Inghnóthaithe

Feabhas a chur ar Chosaintí Tomhaltóirí

- ▶ De réir an Achta, féadfar taighde a dhéanamh, a choimisiúnú nó comhoibriú a dhéanamh maidir leis agus áireofar leis stór taighde ardchaighdeán a fhorbairt maidir leis an gcearrbhachas, rud a sholáthróidh bonn fianaise do bhearta cosanta tomhaltóirí agus d'anailís agus do chomhairle beartais.
- ▶ Clár Oideachais agus Feasachta faisnéiseach a sheachadadh maidir le dochar a bhaineann le cearrbhachas atá tacúil, praiticiúil agus ábhartha dár bPáirtithe Leasmhara, lena n-áirítear forbairt agus tuairisciú a dhéanamh ar mhéadrachtaí iomchuí.
- ▶ An Ciste Tionchair Shóisialta a bhunú agus a chur i bhfeidhm in 2026, a tionchar beartaithe a bhaint amach maidir le haghaidh a thabhairt ar thionchar sóisialta an chearrbhachais iomarcaigh nó éigníoch agus córais mheasúnaithe a fhorbairt a ligeann do thomhas oibiachtúil air sin.

Daoine, Eagraíocht agus Rialachas

Eagraíocht oiriúnach don chuspóir a bhunú leis na cumais, na daoine, na scileanna agus an saineolas riachtanach, agus próisis agus córais rialachais láidre mar bhonn léi.

Cuspóirí Straitéiseacha

- ▶ Próisis Phleanála Straitéisí agus Gnó a fhorbairt ionas go mbainfear amach Fís, Bunchuspóir, Spriocanna Straitéiseacha agus Cuspóirí Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann agus go gcomhlíonfar a shainchúram, lena n-áirítear stádas féinmhaoinithe laistigh de 3 bliana mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.
- ▶ A chinntiú go bhfuil próisis agus nósanna imeachta rialachais agus bainistíochta riosca iomchuí i bhfeidhm a chomhlíonann ceanglais chuntasachta dea-chleachtais, a thacaíonn le hobair an Údaráis agus struchtúir reachtacha eile, agus a thugann dearbhú do pháirtithe leasmhara gur eagraíocht dea-reachtáilte agus éifeachtach é an tÚdarás.
- ▶ Lucht saothair láidir, solúbtha agus gairmiúil a dheardh agus a chothú chun freastal ar riachtanais ghnó i dtimpeallacht atá ag fás agus ag athrú go tapa a chomhlíonann riachtanais an Údaráis agus a oibleagáidí reachtúla.
- ▶ Cumas a fhorbairt lena n-áirítear cearrbhachas, TFC, agus saineolas speisialaithe eile le haghaidh riarachán ginearálta agus airgeadais an Údaráis, lena n-áirítear an tsamhail cheadúnaithe agus an t-ardán ar líne, an Clár Náisiúnta um Eisiamh Cearrbhachais, an Ciste Tionchair Shóisialta, Cosaint Tomhaltóirí, feidhmeanna Comhlíonta, Faireacháin, agus Forfheidhmithe.

Bunspricanna Inghnóthaithe

Rialachas Láidir, Fostóir den Scoth

- ▶ Forbairt agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach ardchaighdeán rialachais agus dea-chleachtais bainistíochta airgeadais agus riosca, lena n-áirítear rialuithe inmheánacha láidre éifeachtacha agus iniúchadh/ athbhreithniú neamhspleách chun comhlíonadh a léiriú agus dearbhuithe a thabhairt go bhfuil siad i bhfeidhm agus á gcur i bhfeidhm.
- ▶ Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann a bheith aitheanta mar Rogha Fostóra a mheallann agus a choinníonn foireann atá ar ardchaighdeán. Timpeallacht oibre atá dírithe ar fheidhmíocht ina bhfuil an saineolas, na hacmhainní, an bonneagar agus na tacaíochtaí riachtanacha le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann sprioc an Údaráis a bhaint amach, is é sin bheith ina áit iontach oibre agus ina rialtóir den scoth araon.

Tús Áite don Digitíú

Feidhm TFC solúbtha a bhunú a thacaíonn le haonaid ghnó an Údaráis agus lenár bpáirtithe leasmhara, a bhaineann leas as anailís sonraí agus intleacht shaorga chun comhlíonadh ár sainchúraim reachtúil a spreagadh agus a chuireann ar chumas an Údaráis earnáil chearrbhachais atá ag athrú go tapa a rialáil go héifeachtach.

Cuspóirí Straitéiseacha

- ▶ Tairseacha seachtracha ar líne atá slán de réir dearaidh agus atá dírithe ar phríobháideacht a bhunú don phobal agus d'oibreoirí cearrbhachais, lena n-áirítear córais chun tacú le hiarratais ar cheadúnais ar líne a phróiseáil agus clár reachtúil ar líne a choinníonn clár d'eintitis agus d'oibreoirí ceadúnaithe atá inrochtana ag an bpobal agus ag ár bpáirtithe leasmhara.
- ▶ Clár Náisiúnta um Eisiaimh Cearrbhachais a bhunú a sholáthraíonn ardán láraithe do dhaoine aonair ar mian leo iad féin a eisiaimh ón gcearrbhachas agus ón gcearrbhachas ar líne.
- ▶ Straitéis TF a fhorbairt le cur chuige digiteach de réir réamhshocraithe agus córais TF chorparáideacha agus oibríochtúla a bhunú, lena n-áirítear comhaontú creatlacha chun ardán rialála a sholáthar a thacaíonn le feidhmeanna an Údaráis a shainchúram a chomhlíonadh.
- ▶ Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt suíomh gréasáin atá dírithe ar an úsáideoir le tairseacha slána agus inrochtana atá dírithe ar an bpobal agus ar ghnólachtaí agus le huirlisí feasachta agus oideachais dinimiciúla.

Bunspríocanna Inghnóthaithe

Rialtóir Nuálach agus TFC-chumasaithe

- ▶ Imscaradh ardán rialála atá oiriúnach don fheidhm, lena n-áirítear Clár ar líne, atá digiteach de réir réamhshocraithe, slán de réir deartha agus dírithe ar phríobháideacht a chomhlíonann ceanglais reachtúla an Údaráis agus a pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear córais do Sheirbhís do Chustaiméirí.
- ▶ Imscaradh agus forbairt a dhéanamh ar Chlár Náisiúnta Eisiaimh Cearrbhachais a chuirfidh ar chumas daoine aonair iad féin a eisiaimh ó cearrbhachas ar líne go tapa agus go héasca.
- ▶ Straitéis TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuimsíonn riachtanais athraitheacha eagraíochta earnála poiblí atá nuabhunaithe, agus éascaíocht a dhéanamh ar sheachadadh a feidhmeanna rialála laistigh d'earnáil nuálach atá á spreagadh ag sonraí agus ag an teicneolaíocht.

Rath agus Trédhearcacht a Thomhas

Tá an tÚdarás tiomanta dá shainordú mar rialtóir a chomhlíonadh agus béim á leagan aige ar shábháilteacht agus folláine an phobail, lena n-áirítear cearrbhachas ar líne agus cearrbhachas i bpearsa. Tá an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna a chuirfear i bhfeidhm de réir a chéile. D'ainneoin sin, aithníonn an tÚdarás an tábhacht a bhaineann leis na feidhmeanna seo a sheachadadh mar chuid de thórdhreach ginearálta, lena n-áirítear ár bpáirtithe leasmhara iomadúla agus an tionchar comhchoiteann is féidir a bhaint amach.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tÚdarás monatóireacht ar a rath maidir le cuspóirí an chéad Phlean Straitéisigh seo a bhaint amach ar bhealaí atá i gcomhréir lenár ról agus lenár bhfeidhmeanna.

Déanfaimid:

- ▶ Na spriocanna laistigh den Phlean Straitéiseach seo a aistriú go pleananna oibre mionsonraithe, bliantúlaithe le Príomhtháscairí Feidhmíochta ar fud réimsí gnó sonracha, agus amlínte agus táscairí feidhmíochta gaolmhara
- ▶ Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú agus a chur i láthair an Aire agus Ráiteas Straitéise trí bliana a ullmhú ina sonraítear príomhchuspóirí, aschuir agus straitéisí gaolmhara, lena n-áirítear leas a bhaint as ár n-acmhainní
- ▶ Ár bhfeidhmeanna atá sannta go reachtúil a chomhlíonadh go tráthúil i gcomhréir lena gcur i bhfeidhm céimnithe reachtúil
- ▶ Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar aschuir agus tionchair ár bpleananna oibre bliantúla, agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn
- ▶ Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar riachtanais rialachais agus comhlíontachta i gcomhréir le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016
- ▶ Tuairisciú a dhéanamh de réir mar is gá don Oireachtas agus don Aire ar chúrsaí cuntasachta tríd an Tuarascáil Bhliantúil, Iniúchtaí Seachtracha, Comhaontuithe Dearbhaithe agus doiciméid agus foilseacháin ábhartha eile
- ▶ Dul i ngleic le páirtithe leasmhara trí idirphlé oscailte a dhéanamh, ag cothú comhar éifeachtach chun tacú lenár bhfeidhmeanna rialála agus lenár ról i dtaighde ar chearrbhachas agus i bhfeasacht ar oideachas

Acmhainní agus Cúinsí Ratha Mórtábhachtacha

Comhlíonfaidh an tÚdarás ár gCuspóirí Straitéiseacha trí na Stiúrtóireachtaí seo a leanas:

- ▶ Cosaint Tomhaltóirí, Taighde agus Cumarsáid
- ▶ Ceadúnú
- ▶ Daoine agus Seirbhísí Corparáideacha
- ▶ Teicneolaíocht Faisnéise agus Tús Áite don Digitíú
- ▶ Monatóireacht & Comhlíonadh
- ▶ Forfheidhmiú, Dlí agus Frithsciúradh Airgid

Ar fud gach ceann de na Stiúrtóireachtaí seo, roghnaítear agus imscartar baill foirne de réir a saíneolais ar an ábhar agus na hinniúlachtaí is gá chun ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

Beidh sé tábhachtach go mbeadh acmhainní ag an Údarás chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh de réir an chaighdeáin riachtanaigh. Tuaraimid sna trí bliana atá amach romhainn, de réir mar a fhorbraíonn ár bhfeidhmeanna, go leanfaidh scála agus castacht obair an Údaráis ag méadú. Oibreoimid lena chinntiú go n-úsáidfear ár n-acmhainní go héifeachtach agus eagraíocht éifeachtach á reáchtáil againn a chomhlíonann na ceanglais rialála agus rialachais ábhartha go léir ag an am céanna.

Geallaimid go n-úsáidfimid ár n-acmhainní reatha go héifeachtach chun ár gclár oibre fairsing atá ag leathnú a chur i gcrích, leas a bhaint as saíneolas seachtrach nuair is gá, agus acmhainní iomchuí a fháil de réir mar is gá ionas go bhféadfaimid na haschuir chomhaontaithe a sheachadadh.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Cuireann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh a chosaint. Leagtar amach an dualgas in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 chun comhionannas agus cearta an duine a chur sa phríomhshruth maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a gcuid feidhmeanna. De réir mar a fhorbraíonn an tÚdarás agus le linn shaolré an phlean seo, beidh na cúinsí seo leabaithe inár Straitéis, inár mbeartais agus inár nósanna imeachta chun a chinntiú go scríobhfar agus go gcuirfear i bhfeidhm iad chun ár nDualgas na hEarnála Poiblí a léiriú.

Nótaí

[illegible]



Údarás Rialála
Cearrbhachais
na hÉireann

Gambling
Regulatory
Authority
of Ireland